AN COIMISIÚN
EORPACH

ARDIONADAÍ AN AONTAIS
DO GHNÓTHAÍ
EACHTRACHA AGUS DON
BHEARTAS SLÁNDÁLA

An Bhruiséil, 11.3.2022
JOIN(2022) 7 final/2
DOWNGRADED ON 14.3.2023

2022/0083 (NLE)

Togra comhpháirteach le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

2022/0083 (NLE)

Togra comhpháirteach le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2022/XXX[1] an XX Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine,

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine.

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 tugtar éifeacht do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle.

(3) An [DÁTA] ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/XXX lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES agus lena dtugtar isteach srianta trádála breise maidir le hiarann agus cruach chomh maith le só-earraí.

(4) Le Cinneadh (CBES) 2022/XXX leathnaítear liosta na ndaoine a bhfuil baint acu le bonn cosanta agus tionsclaíoch na Rúise, ar daoine iad ar a bhforchuirtear srianta onnmhairiúcháin is déine maidir le hearraí dé-úsáide agus earraí agus teicneolaíocht a d'fhéadfadh rannchuidiú leis an Rúis feabhas tionsclaíoch a chur ar a hearnáil cosanta agus slándála.

(5) Le Cinneadh (CBES) 2022/XXX forchuirtear toirmisc freisin lena ndírítear ar infheistíochtaí nua in earnáil fuinnimh na Rúise, mar aon le srian cuimsitheach ar onnmhairiú trealaimh, teicneolaíochta agus seirbhísí le haghaidh an tionscail fuinnimh sa Rúis, cé is moite den tionscal núicléach agus den earnáil iartheachtach iompair fuinnimh.

(6) Le Cinneadh (CBES) 2022/XXX cuirtear cosc ar na hidirbhearta uile le fiontair áirithe faoi úinéireacht stáit atá faoi réir srianta ar athmhaoiniú cheana.

(7) Le Cinneadh (CBES) 2022/XXX cuirtear cosc freisin ar sheirbhísí rátála creidmheasa a sholáthar agus toirmeasctar rochtain ag cliaint Rúiseacha ar aon seirbhís síntiúis i ndáil le gníomhaíochtaí rátála creidmheasa.

[1] IO L , , lch. .

(8) Tagann na bearta sin faoi raon feidhme an Chonartha agus, dá bhrí sin, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a leasú dá réir.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 833/2014 mar a leanas:

(1) In Airteagal 1, cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

'(s) ciallaíonn 'rátáil chreidmheasa' tuairim maidir le hacmhainn creidmheasa eintitis, fiachais nó oibleagáide airgeadais, urrúis fiachais, scaireanna tosaíochta nó ionstraime airgeadais eile, nó ó eisitheoir ionstraime airgeadais den sórt sin, arna n-eisiúint trí úsáid a bhaint as córas aicmithe sainithe agus sin bunaithe ar chatagóirí rátála;

(t) ciallaíonn 'gníomhaíochtaí rátála creidmheasa' anailís sonraí agus faisnéise mar aon le meastóireacht, formheas, eisiúint agus athbhreithniú rátálacha creidmheasa.

(u) ciallaíonn 'earnáil fuinnimh' earnáil lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí seo a leanas cé is moite de ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an earnáil núicléach sibhialta:

(i) amhola, gás nádúrtha nó breoslaí iontaise soladacha a thaiscéal, a tháirgeadh, a dháileadh laistigh den Rúis nó mianadóireacht a dhéanamh orthu, scagadh breoslaí, leachtú gáis nádúrtha nó athghású;

(ii) táirgí breoslaí iontaise soladacha, táirgí peitriliam scagtha nó gás a mhonarú nó a dháileadh laistigh den Rúis; nó

(iii) tógáil, suiteáil nó soláthar seirbhísí, trealaimh nó teicneolaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le giniúint cumhachta nó le táirgeadh leictreachais.'

(2) In Airteagal 2(7), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(iii) díolachán, soláthar, aistriú nó onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 nó soláthar an chúnaimh theicniúil ghaolmhair nó an chúnaimh airgeadais ghaolmhair atá beartaithe don earnáil fuinnimh.'

(3) In Airteagal 2a(7), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(iii) díolachán, soláthar, aistriú nó onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 nó soláthar an chúnaimh theicniúil ghaolmhair nó an chúnaimh airgeadais ghaolmhair atá beartaithe don earnáil fuinnimh.'

(4) In Airteagal 2b, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Maidir leis na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn IV, de mhaolú ar Airteagal 2(1) agus (2) agus ar Airteagal 2a(1) agus (2), agus gan dochar do na ceanglais maidir le húdarú de bhun Rialachán (AE) 2021/821, ní fhéadfaidh na húdaráis inniúla díolachán, soláthar, aistriú nó onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta dé-úsáide agus earraí agus teicneolaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn VII a údarú, nó soláthar an chúnaimh theicniúil ghaolmhair

nó an chúnaimh airgeadais ghaolmhair a údarú ach amháin tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:’

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

‘Airteagal 3

1. Beidh toirmeasc ar earraí nó teicneolaíocht, mar a liostaítear in Iarscríbhinn II a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, a mhéid a bhaineann le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, lena n-áirítear a Limistéar Eacnamaíoch Eisiach agus a Scairbh Ilchríochach nó lena n-úsáid sa Rúis, lena n-áirítear a Limistéar Eacnamaíoch Eisiach agus a Scairbh Ilchríochach.

2. Beidh toirmeasc ar earraí nó teicneolaíocht a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bídís de thionscnamh an Aontais nó ná bídís, a mhéid a bhaineann le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Rúis, nó lena n-úsáid san earnáil fuinnimh sa Rúis.

3. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

   (a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile, a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, a sholáthar agus beidh toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin go díreach nó go hindíreach a mhéid a bhaineann le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;

   (b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a sholáthar chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, nó lena n-úsáid sa Rúis.

4. Beidh toirmeasc ar árachas agus athárachas a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d’aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Rúis.

5. Beidh toirmeasc ar aon seirbhís a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d’aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Rúis.

6. Na toirmisc i míreanna 1, 2, 3, 4 agus 5, ní bheidh feidhm acu maidir le díolachán, soláthar, aistriú ná onnmhairiú earraí nó teicneolaíochta, maidir leis an gcúnamh teicniúil gaolmhar nó an cúnamh airgeadais gaolmhar, maidir le hárachas nó athárachas a sholáthar ná maidir le haon seirbhís is gá chun:

   (a) ola agus gás nádúrtha a iompar ón Rúis isteach san Aontas;

   (b) teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol.

7. Na toirmisc i míreanna 1, 2, 3, 4 agus 5, ní bheidh feidhm acu maidir le forghníomhú, go dtí [IO: cuir isteach 3 mhí tar éis an teacht i bhfeidhm], oibleagáide a eascraíonn as conradh a tugadh i gcrích roimh [IO: cuir isteach dáta an teacht i bhfeidhm], nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conradh den sórt sin a fhorghníomhú, ar choinníoll gur cuireadh an t-údarás inniúil ar an eolas 5 lá oibre ar a laghad roimh ré.

8. De mhaolú ar mhíreanna 1, 2, 3, 4 agus 5, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha is iomchuí leo, a údarú aon seirbhís a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, cúnamh teicniúil gaolmhar nó cúnamh airgeadais gaolmhar a sholáthar don tseirbhís sin, nó árachas nó athárachas a sholáthar lena haghaidh, tar éis dóibh a chinneadh gur gá sin chun soláthar fuinnimh criticiúil a áirithiú laistigh den Aontas.

9. Cuirfidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 8 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.'

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3a:

'Airteagal 3a

1. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

   (a) aon rannpháirtíocht nua a fháil nó síneadh a chur le haon rannpháirtíocht atá ann cheana le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Rúis;

   (b) aon socrú a dheonú nó a bheith mar chuid d'aon socrú chun aon iasacht nó creidmheas a dheonú nó chun maoiniú a sholáthar ar bhealach eile, lena n-áirítear caipiteal cothromais, d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Rúis, nó i gcomhair an chuspóra, a bhfuil fianaise iomchuí leis, duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht den sórt sin a mhaoiniú;

   (c) aon fhiontar comhpháirteach a chruthú le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Rúis;

   (d) seirbhísí infheistíochta, a bhaineann go díreach leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) go (c), a sholáthar.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha is iomchuí leo, aon ghníomhaíocht dá dtagraítear i mír 1 a údarú tar éis dóibh a chinneadh gur gá sin chun soláthar fuinnimh criticiúil a áirithiú laistigh den Aontas.

3. Cuirfidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 8 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.'

(7) Cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

'Airteagal 3g

1. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

   (a) táirgí iarainn agus cruach, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVII, a allmhairiú, go díreach nó go hindíreach, isteach san Aontas más rud é:

(i) gur de thionscnamh na Rúise iad; nó

(ii) gur onnmhairíodh ón Rúis iad;

(b) táirgí iarainn agus cruach, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVII, atá suite sa Rúis nó ar de thionscnamh na Rúise iad, a cheannach, go díreach nó go hindíreach;

(c) táirgí iarainn agus cruach, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVII, a iompar más de thionscnamh na Rúise iad nó má tá siad á n-onnmhairiú ón Rúis go dtí aon tír eile;

(d) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, mar aon le hárachas agus athárachas, a bhaineann leis na toirmisc i bpointe (a), (b) agus (c).

2. Na toirmisc i mír 1, ní bheidh feidhm acu maidir le forghníomhú, go dtí [IO: cuir isteach 3 mhí tar éis an teacht i bhfeidhm], conarthaí a tugadh i gcrích roimh [IO: cuir isteach dáta an teacht i bhfeidhm], nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú.

Airteagal 3h

1. Beidh toirmeasc ar shó-earraí, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, a mhéid a bhaineann le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, nó lena n-úsáid sa Rúis.

2. An toirmeasc dá dtagraítear i mír 1, beidh feidhm aige maidir le só-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII a mhéid gur mó a luach ná EUR 300 in aghaidh na míre mura sonraítear a mhalairt san Iarscríbhinn.

3. An toirmeasc dá dtagraítear i mír 1, ní bheidh feidhm aige maidir le hearraí is gá le haghaidh chríocha oifigiúla na misean taidhleoireachta nó consalach ag na Ballstáit nó ag tíortha comhpháirtíochta sa Rúis ná ag eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil díolúintí acu i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, ná maidir le hearraí pearsanta a bhfoirne.

4. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát, faoi cibé coinníollacha is iomchuí leo, údarú a thabhairt d'idirbheart maidir le hearraí dá dtagraítear i bpointe (17) d'Iarscríbhinn XVIII, ar choinníoll gur chun críoch daonnúil na hearraí sin.'

(8) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

'Airteagal 5aa

1. Toirmeascfar dul i mbun idirbheartaíochta, go díreach nó go hindíreach, in aon idirbheart le:

(a) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis, atá faoi rialú poiblí nó a bhfuil níos mó ná 50 % de faoi úinéireacht phoiblí nó a bhfuil sé de cheart ag an Rúis, ag a Rialtas nó ag a Banc Ceannais páirt a ghlacadh ina bhrabúis nó lena bhfuil gaolmhaireacht eacnamaíoch shubstaintiúil eile, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIX, ag an Rúis, a Rialtas nó a Banc Ceannais;

(b) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn XIX; nó

(c) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) den mhír seo.

2. An toirmeasc i mír 1, ní bheidh feidhm aige maidir le forghníomhú, go dtí [IO: cuir isteach 60 lá tar éis an teacht i bhfeidhm], conarthaí a tugadh i gcrích roimh [IO: cuir isteach dáta an teacht i bhfeidhm], nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú.'

(9) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

'Airteagal 5j

1. Toirmeascfar an méid seo a leanas ón [IO: cuir isteach an dáta 30 lá tar éis an teacht i bhfeidhm] seirbhísí rátála creidmheasa a sholáthar d'aon náisiúnach Rúiseach nó d'aon duine nádúrtha atá ina chónaí sa Rúis nó d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis.

2. Toirmeascfar an méid seo a leanas ón [IO: cuir isteach an dáta 30 lá tar éis an teacht i bhfeidhm] rochtain ar aon seirbhís síntiúis i ndáil le gníomhaíochtaí rátála creidmheasa a thabhairt d'aon náisiúnach Rúiseach nó d'aon duine nádúrtha atá ina chónaí sa Rúis nó d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis.

3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le náisiúnaigh de Bhallstát ná le daoine nádúrtha a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan acu i mBallstát'

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11(1), pointe (a):

'(a) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn III, IV, V, VI, XII, XIII, XIV, XV nó XIX, nó dá dtagraítear i bpointe (b) nó (c) d'Airteagal 5(1), i bpointe (b) nó (c) d'Airteagal 5(2), i bpointe (c) nó (d) d'Airteagal 5(3), i bpointe (b) nó (c) d'Airteagal 5(4), i bpointe (a), (b) nó (c) d'Airteagal 5a, i bpointe (b) nó (c) d'Airteagal 5aa, Airteagal 5h nó in Airteagal 5j.'

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

'Airteagal 12

Toirmiscfear páirt a ghlacadh, go feasach agus d'aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó is éifeacht dóibh dul timpeall ar thoirmisc sa Rialachán seo.'

(12) Leasaítear Iarscríbhinn IV i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

(13) Cuirtear isteach Iarscríbhinní XVII, XVIII, XIX i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán